Irish

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

*Scéimeanna Marcála* — *Scrúduithe Ardteistiméireachta, 2001*

*Gaeilge* — *Gnáthleibhéal*

*Marking Scheme* — *Leaving Certificate Examination, 2001*

*Irish* — *Ordinary Level*

# SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA, 2001

## GAEILGE

## ARDTEISTIMÉIREACHT, GNÁTHLEIBHÉAL

## SCÉIM MHARCÁLA

(N.B. Tharlódh go ndéanfaí athruithe nó leasuithe ar chodanna den Scéim seo ag an gComhdháil Mharcála.)

## GINEARÁLTA

Ní mór do na Scrúdaitheoirí Cúnta an mharcáil a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór dóibh na mórbhotúin ach go háirithe a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

Is cóir na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar fhreagarleabhar an Iarrthóra.

## PÁIPÉAR I (220 marc)

**CEIST 1 - CEAPADÓIREACHT - 120 MARC**

'Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.'

I gcás A, B, C, agus D (Dhá cheann le freagairt)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Leathleathanach nó breis: | Tasc | = 3 mharc | } = 60 marc x 2 = 120 marc |
| | Ábhar | = 9 marc | |
| | Cumas Gaeilge | = 48 marc | |

[Cumas gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra (= 40%) móide (ii) beachtas maidirle máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge (= 50%) agus le litriú (= 10%).]

[Gearrfar pionós ar iarrthóirí de bharr nach bhfuil na hiarrachtaí ceapadóireachta ad rem.]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 12 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 48 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

[**Nóta**: Maidir le `Gaeilge Lochtach' a luaitear leis na ceisteanna ina dhiaidh seo = Lochtanna a fhaightear ar fhreagra an iarrthóra i dtaca leis na gnéithe seo a leanas: (i) fairsinge agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra, móide (ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge. (i) agus (ii) sa chóimheas 40% : 60%]

## CEIST 2 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc

'Freagair **A** agus **B** anseo.'

### A (50 marc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Cén fáth a bhfuil muintir Chonamara an-bhródúil as Éadaoin? | | = 10 marc. |
| **(ii)** | Rud amháin a rinne siad an oíche sin chun a meas uirthi a thaispeáint. | | = 10 marc. |
| **(iii)** | An dá rud a chuir ionadh an domhain ar na hiomaitheoirí eile? | = 5 mharc x 2 | = 10 marc. |
| **(iv)** | Cén fáth a ndúirt SBB fúithi 'gur ambasadóir iontach spóirt í'? | | = 10 marc. |
| **(v)** | Dhá rud a tharla san ollscoil a mhéadaigh ar a suim sa spórt. | = 5 mharc x 2 | = 10 marc |

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

### B (50 marc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Dhá rud sa chéad alt a thaispeánann go bhfuil Bart cáiliúil. | = 5 mharc x 2 | = 10 marc. |
| **(ii)** | Cad a rinne Daws Butler do Nancy? | | = 10 marc |
| **(iii)** | Cad é an rud a rinne na Simpsons nach ndearna na cartúin eile? | | = 10 marc |
| **(iv)** | Cén fáth a ndéantar na pictiúir don chlár seo sa Chóiré? | | = 10 marc |
| **(v)** | Na hathruithe a tháinig ar bheirt de mhuintir Simpson le blianta beaga anuas. | = 5 mharc x 2 | = 10 marc |

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

[Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht]

**Nóta**: Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

## Páipéar II (110 marc)

**Roinn A (Cúrsa Ainmnithe) nó Roinn B (Cúrsa Roghnach) a fhreagairt.** Ní bheidh marcanna le gnóthú i gcás nach gcloífear leis an riail seo.

## ROINN A - CÚRSA AINMNITHE -

**Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

### CEIST 1 - PRÓS AINMNITHE- (55 mharc)

**'Freagair (a) agus (b) anseo.'**

**(a)**

(i) Cuntas ar ar tharla ina dhiaidh sin. (Amuigh Liom Féin) = 25 mharc }

(ii) Cén sórt duine é Deaideo/ Cur síos gairid ar Dheaideo. = 6 mharc }
Fáth ar thaitin (nó nár thaitin sé leat.) }
Dhá fháth = 2 mharc x 2 = 4 mharc } = 10 marc

} = 35 mharc

**nó**

(I) Cuntas ar Eoin ón eolas atá sa sliocht faoi. (Gafa) = 25 mharc } } } = 35 mharc

(ii) Tuismitheoir is mó a a raibh trua agat dó/di?/ } }
Cur síos gairid ar an Tuismitheoir sin. = 6 mharc } = 10 marc }
Dhá fháth. 2 mharc x 2 = 4 mharc } }

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil i gceann amháin de na saothair a luadh faoin téama atá roghnaithe agat as na téamaí atá luaite. = 20 marc

**nó**

Cuntas gairid ar phearsa amháin a thaitin leat agus ar phearsa amháin nár thaitin leat i gceann amháin de na saothair a luadh.
= 10 marc x 2 } = 20 marc

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Ceist = 55 mharc

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach I gcuid (a) agus an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

| **CEIST 2** | **- FILÍOCHT AINMNITHE -** | **(55 mharc)** |
|---|---|---|

**'Freagair (a) agus (b) anseo.'**

**(a)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) | Téama **i d'fhocail féin**. (Bríd Óg Ní Mháille) | | = 10 marc | } |
| (ii) | Mothúchán is mó. | = 2 mharc | = 8 marc | } |
| | Dhá fháth. = 3 mharc x 2 | = 6 mharc | | } |
| (iii) | Cad atá i gceist? | | = 7 marc | } = 35 mharc |
| (iv) | Ar thaitin an dán leat? | = 2 mharc} | | } |
| | Dhá fháth. = 4 mharc x 2 | = 8 marc } | = 10 marc | } |

**nó**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) | Cur síos **i d'fhocail féin.** (Mac Eile…) | | = 10 marc | } |
| (ii) | Cén áit a bhfuil an mac ag dul. | = 4 mharc } | | } |
| | Cén fáth? | = 4 mharc } | = 8 marc | } |
| (iii) | Nóta gearr ar an gcodarsnacht/difríocht. | | = 7 marc | } = 35 mharc |
| (iv) | An maith leat an dán? | = 2 mharc] | | } |
| | Dhá fháth. = 4 mharc x 2 | = 8 marc} | = 10 marc | } |

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil sa dán, Treall, faoin mothúchán atá roghnaithe agat as na mothúcháin atá luaite. = 20 marc

<u>**nó**</u>

Cuntas gairid ar phríomhsmaointe an dáin, Treall. = 14 mharc}
Cuntas ar mheafar amháin a thaitin leat. = 6 mharc } = 20 marc

[<u>Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh</u>.]

Ceist 2 = 55 mharc

<u>**Nóta**</u>: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) <u>agus</u> an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar

## ROINN B - CÚRSA ROGHNACH -

**Ceist 1 <u>agus</u> Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

### CEIST 1 - PRÓS ROGHNACH- (55 mharc)

**'Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.'**

**(a)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) | Cuntas ar an téama sa ghearrscéal. | = 23 mharc } | | |
| | Teideal an ghearrscéil / ainm an údair. | = 2 mharc } | = 25 mharc } | |
| | | | } | |
| (ii) | Cur síos ar rud amháin atá suimiúil. | = 6 mharc } | } | = 35 mharc} |
| | Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé | } | } | |
| | suimiúil? | = 4 mharc } | = 10 marc } | |

<u>**nó**</u>

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) | Cuntas ar na príomhimeachtaí sa sliocht | = 23 mharc } | | |
| | Teideal an úrscéil / ainm an údair. | = 2 mharc } | = 25 mharc } | |
| | | } | } | |
| (ii) | Cur síos gairid ar phearsa | } | } | |
| | a thaitin (nó nár thaitin leat). | = 6 mharc } | } | = 35 mharc} |
| | Cén fáth? (Dhá fháth) 2 mharc x 2 | = 4 mharc } | = 10 marc } | |

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil i gceann amháin de na saothair eile nár úsáid tú i gcuid (a) faoin téama atá roghnaithe agat as na téamaí atá luaite. = 18 marc }
} = 20 marc
Teideal an tsaothair/ainm an údair. = 2 mharc}

**nó**

Cuntas gairid ar dhá rud i gceann amháin de na saothair eile nár úsáid tú i gcuid (a) a cheap tú a bhí go maith = 9 marc x 2 = 18 marc }
} = 20 marc
Teideal an tsaothair/ainm an údair. = 2 mharc}

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Ceist 1 = 55 mharc

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach I gcuid (a) agus an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

## CEIST 2 - FILÍOCHT ROGHNACH- (55 mharc)

**'Freagair (a) agus (b) anseo.'**

**(a)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) | Téama **i d'fhocail féin**. (Dán seanaimseartha) | | = 6 mharc } | |
| (ii) | Cur síos **i d'fhocail féin** ar dhá mheafar.= 5 mharc x2 | | = 10 marc } | |
| (iii) | Nóta gearr faoin méid a d'fhoghlaim tú. | | = 7 marc } | = 35 mharc |
| (iv) | Ar thaitin an dán leat? | = 2 mharc} | } | |
| | Dhá fháth. = 4 mharc x 2 | = 8 marc } | = 10 marc } | |
| | Teideal an dáin/file a chum. | | = 2 mharc } | |

**Nó**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) | Mothúchán is mó. (Dán a chum fear) | = 2 mharc | | |
| | Dhá fháth. 3 mharc x 2 | = 6 mharc | = 8 marc } | |
| (ii) | Déan cur síos ar dhá íomhá. | = 4 mharc x 2 | = 8 marc } | |
| (iii) | Teideal oiriúnach? | = 2 mharc | } | = 35 mharc |
| | Fáth amháin. | = 5 mharc | = 7 marc } | |
| (iv) | An maith leat an dán? | = 2 mharc] | } | |
| | Dhá fháth. = 4 mharc x 2 | = 8 marc} | = 10 marc } | |
| | Teideal an dáin/ainm an fhile. | | = 2 mharc } | |

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

| | | |
|---|---|---|
| Cuntas gairid ar a bhfuil i ndán a chum bean agus nár úsaid tú i gcuid (a) faoi mhothúchán amháin atá roghnaithe agat as na mothúcháin atá luaite. | = 18 marc } | = 20 marc |
| Teideal an dáin/ainm an fhile | = 2 mharc } | |

**nó**

| | | |
|---|---|---|
| Cuntas gairid ar théama an dáin a chum bean agus nár úsaid tú i gcuid (a). | = 10 marc } | |
| Dhá rud a thaitin (nó nár thaitin) leat. = 4 mharc x 2 | = 8 marc } | = 20 marc |
| Teideal an dáin/ainm an fhile | = 2 mharc } | |

[Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Ceist 2 = 55 mharc

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) agus an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar

## CLUASTUISCINT (120 marc)

Cuid A :

| | |
|---|---|
| Fógra a hAon | 4 + 3 + 4 + 3 |
| Fógra a Dó | 4 + 4 + 3 + 3 |
| Fógra a Trí | 4 + 3 + 3 + 4 |

Cuid B :

| | |
|---|---|
| Comhrá a hAon | 4 + 3 + 4 + 4 |
| Comhrá a Dó | 4 + 3 + 3 + 3 + 4 + 3 |
| Comhrá a Trí | 4 + 4 + 3 + 4 |

Cuid C :

| | |
|---|---|
| Píosa a hAon | 4 + 3 + 4 + 3 |
| Píosa a Dó | 4 + 3 |
| Píosa a Trí | 3 + 4 |

[Gaeilge lochtach: 0 - 12 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nóta:** Míneofar an córas a thuilleadh ag an gComhdháil. Pléifear samplaí freisin as na freagarleabhair.

Mineofar freisin cad ba cheart a dhéanamh i gcás iarrthóra ar cuireadh socruithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

DHÁ MHÍLE AGUS A hAON

GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

TRIAIL CHLUASTUISCEANA

Mairfidh an triail seo tuairim is daichead nóiméad. Tá trí chuid sa triail- Cuid A, Cuid B agus Cuid C. Tá na treoracha speisialta agus na ceisteanna, a ghabhann le gach ceann de na trí chuid sin, clóbhuailte ar do scrúdpháipéar.

## CUID A

Léigh anois go cúramach, ar do scrúdpháipéar, na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

### FÓGRA A hAon (M)

Seo fógra ó TG 4. Beidh an clár teilifíse, "Nócha Soicind", ar siúl oíche Dé Céadaoin seo chugainn, ag tosnú ar a seacht a' chlog. Is é Tomás Ó Brannagáin a chuirfidh an clár seo i láthair. Triúr iarrthóirí a bheidh ag freagairt na gceisteanna gach oíche. An phríomhdhuais atá le buachan ná, saoire coicíse a chaitheamh in áit álainn thar lear. Más spéis leat a bheith páirteach sa chlár seo, níor mhór glaoch ar léiritheoir an chláir ag 01-234765.

[78]

### FÓGRA A DÓ (C)

An bhfuil suim agat i bpost mar Leabharlannaí? Má tá, cuir foirm iarratais chugamsa, An Príomh-Leabharlannaí, Comhairle Chontae na Gaillimhe, roimh an séú lá de Mheitheamh. Caithfidh Teastas Ollscoile sa Leabharlannaíocht, taithí shásúil ag obair i Leabharlann, agus ardchaighdeán Gaeilge a bheith agat. Beidh tú ag obair i nGaillimh an chéad bhliain áit a gcuirfear traenáil chuimsitheach ar fáil. Ina dhiaidh sin, beidh tú ag obair i gceithre cinn de na Leabharlanna atá i nGaeltacht Chonamara. Fiche míle punt an tuarastal atá i gceist.

[84]

### FÓGRA A TRÍ (U)

Osclóidh an tAire Turasóireachta agus Spóirt, Ionad nua Spóirt i Leitir Ceanainn amárach. Tógadh an tIonad seo le cabhair airgid ó Chomhairle Spóirt na hÉireann, ón gCrannchur Náisiúnta agus ó Údarás na Gaeltachta. Chosain an foirgneamh trí mhilliún punt. Dúirt urlabhraí ón Ionad go bhfuil siad ag súil go mbainfidh muintir Dhún na nGall úsáid an-mhaith as na háiseanna ann. Caoga punt sa bhliain an táille a íocfaidh daoine fásta ach ní bheidh tada le híoc ag daltaí scoile.

[80]

## CUID B

Léigh anois go cúramach, ar do scrúdpháipéar, na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

COMHRÁ A hAON (M)

Pádraig: A Eibhlín, an bhfuil post samhraidh faighte fós agat?

Eibhlín: Tá, a Phádraig. Táim ag obair in Ospidéal Naomh Séamus i gCorcaigh.

Pádraig: Cad a bhíonn ar siúl agat ansin?

Eibhlín: Bím ag freastal ar na hothair atá an-sean agus an-tinn sna bardaí ar an tríú urlár.

Pádraig: Uch! Conas a thaitníonn sé sin leat?

Eibhlín: Ó! Is breá liom é. Táim chun cúrsa leighis a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide tar éis na hArdteistiméireachta mar ba mhaith liom a bheith i mo dhochtúir.

Pádraig: Ó! go maith!

Eibhlín: Agus, tá taithí iontach á fáil agam ar obair dochtúra san ospidéal seo.

[96]

*******

Pádraig: Ag obair le Raidió an Daingin atáim féin!

Eibhlín: Wow! Conas a d'éirigh leat é sin a fháil?

Pádraig: Tá m'aintín ina cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta an stáisiúin raidió agus is dócha gur chabhraigh sí sin liom!

Eibhlín: Bí cinnte de! Cad a bhíonn ar siúl agat ann?

Pádraig: Ag obair i Seomra na Nuachta a bhím. Bíonn orm an nuacht áitiúil a bhailiú i dtosach, í a aistriú go Gaolainn ansin agus ina dhiaidh sin, í a chlóscríobh don léitheoir nuachta.

[77]

[=173]

## COMHRÁ A DÓ (C)

Síle: Haló! Síle anseo, an tOifigeach Caidrimh Poiblí.

Breandán: Breandán Ó Sé anseo. Tá mé ag iarraidh labhairt le Pól Ó Gallchóir, Ceannasaí TG 4. Go beo!

Síle: Ní féidir! Tá sé ag cruinniú i nGaillimh faoi láthair.

Breandán: Is cuma liom!

Síle: Tá aiféala orm ach tá cruinniú práinneach aige leis an Aire faoi chúrsaí airgeadais agus ní féidir cur isteach air. An féidir liomsa cabhrú leat?

Breandán: Is mian liom gearán a dhéanamh leis faoin gclár brocach, salach sin 'Ros na Rún' a bhí ar siúl tráthnóna inniu. [92]

***********

Síle: Ros na Rún?

Breandán: Bhí mé féin agus mo mhac, Seán, ag féachaint air. Anois, níl Seán ach seacht mbliana déag agus is dalta Ardteistiméireachta é i gColáiste Mhuire. Bhí orm an teilifís a mhúchadh sa gcaoi nach bhfeicfeadh sé a leithéid de shalachar!

Síle: Cén salachar?

Breandán: Nach bhfaca tú na rudaí uafásacha a bhí ar siúl ag an mbeirt sin tráthnóna?

Síle: Ní fhaca mise aon salachar air!

Breandán: Ah! Mar a chéile ar fad sibh. Maidin amárach tá mise chun litir a scríobh chuig an Aire, Síle de Valera. Sin í an cailín a chuirfidh deireadh leis an salachar seo. Slán! [100]
[=192]

<u>COMHRÁ A TRÍ (U)</u>

Eoghan: A Nóra, ar chuala tú go bhfuil Brian Ó Domhnaill san ospidéal i Sligeach?

Nóra: Ó! A Eoghain, níor chuala. Goidé atá air?

Eoghan: Tá a chloigeann gortaithe go han-dona agus tá a chos briste i dtrí áit!

Nóra: Agus goidé mar a tharla sé sin dó?

Eoghan: Bhí timpiste ghluaisteáin aréir aige ar an bhóthar go Gaoth Dobhair.

Nóra: Dúirt m'athair go raibh an bóthar an-dainséarach aréir.

Eoghan Is cosúil go raibh Brian ag tiomáint an-ghasta timpeall ar choirnéal. Bhí leac oighir ar an phíosa sin den bhóthar agus ní raibh sé ábalta an gluaisteán a stiúradh dá bharr agus bhuail sé faoi chlaí ard.

[100]

********************

Nóra: Ní bheidh sé ábalta dul go dtí Ollscoil Bhaile Átha Cliath mar sin chun cúrsa innealtóireachta a dhéanamh.

Eoghan: Huh! Dúirt na dochtúirí go dtógfaidh sé dhá bhliain ar a laghad sula mbeidh sé ábalta staidéar a dhéanamh.

Nóra: Ó! An créatúr bocht!

Eoghan: Ach tá an scéal níos measa ná sin! Dúradh go raibh sé ar meisce agus é ag tiomáint agus tá na Gardaí ag iarraidh labhairt leis faoi na taibléidí 'Ecstasy' a bhí sa charr aige. [76]

[=176]

## CUID C

Léigh anois go cúramach, ar do scrúdpháipéar, na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

### PÍOSA A hAON (M)

Ócáid speisialta a bhí i gColáiste na nGardaí Síochána sa Teampall Mór aréir nuair a bhronn an eagraíocht stáit, Foras na Gaeilge, duais ar an nGarda Niamh Nic Thaidhg. Bronnadh bonn airgid agus scoláireacht i gceantar Gaeltachta uirthi. Bronnadh iad seo uirthi mar gurb í Niamh an scoláire is mó a léirigh suim sa Ghaeilge le linn chúrsa oiliúna na nGardaí. As an Muileann gCearr di ó dhúchas ach tá sí ag obair mar Gharda sa stáisiún Gardaí i gCluain Meala faoi láthair. [84]

### PÍOSA A DÓ (C)

Tá taispeántas ealaíne ar siúl in Óstán Bhá Charna faoi láthair. Caoga pictiúr atá ar taispeáint ann a rinne na mná atá ag freastal ar Scoil Ealaíne Charna. Dhá bhliain ó shin chuir daoine as ceantar Charna a raibh spéis acu tabhairt faoin bpéintéireacht Scoil Ealaíne Charna ar bun. Eagraíonn an scoil cúrsaí péintéireachta i rith na bliana agus is é an t-ealaíontóir cáiliúil, Cathal Ó Máille, atá i mbun teagaisc. Radharcanna tíre agus nósanna beatha Ghaeltacht Chonamara na téamaí is mó atá sna pictiúir. [85]

### PÍOSA A TRÍ (U)

Sheol an t-iriseoir, Eoghan Mac Aodha, iris nua faisin i mBaile Átha Cliath aréir. Díríonn an iris seo ar na héadaí faiseanta a chaitheann mná na hÉireann agus ar chúrsaí áilleachta. Tá altanna breátha inti a bhaineann le faisean na bhfear fosta. Céad caoga leathanach atá san iris agus grianghrafanna, atá ar chaighdeán an-ard, ar gach leathanach díobh. Taitneoidh na haltanna faoi réaltaí scannáin agus teilifíse go mór le daoine óga. Táthar ag súil go mbeidh níos mó le feiceáil faoin tionscal dúchasach faisin sa chéad eagrán eile. [89]

*********

Sin deireadh na trialach. Slán!

********

**Gaeilge A.T.A.L. 2001**

**<u>Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach</u>**

**Réamhrá: Measúnú Chumas Gaeilge iarrthóirí**

Déantar luacháil (d'fhonn a mheasúnaithe) ar chumas Gaeilge iarrthóirí mar seo a leanas ins sa scrúdpháipéir:

Páip. 1 Ceist 1 Ceapadóireacht
Cumas Gaeilge = 80 marc (as 100 marc)

Ceist 2 Léamhthuiscint
Ní bhronntar marcanna ar chumas Gaeilge anseo ach leagtar píonós idir 0-3 mharc ar Ghaeilge lochtach i ngach cuid den dá chuid, A agus B, sa cheist seo.

Páip. 2 Ceist 1 A agus B (Prós Ainmnithe / Roghnach)
Cumas Gaeilge = 5 mharc (as 40 marc)

Ceist 2 Próstéacs Breise
Cumas Gaeilge = 5 mharc (as 40 marc)

Ceist 3 Filíocht (Ainmnithe / Roghnach, Dánta Dualgais Breise
Cumas Gaeilge = 10 marc (as 70 marc)

Ceist 4 Stair na Gaeilge
Cumas Gaeilge = 5 mharc (as 40 marc)

**Sainniú ar Chumas Gaeilge**

Sa scéim mharcála áirítear dhá ghné ar cheart aird a thabhairt orthu i measunú chumas Gaeilge iarrthóirí:

(i) fairsingeacht agus saibhreas stór Gaeilge;
(ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.

Sa cháipéis soiléirithe a eisítear do na scrúdaitheoirí ag an gComhdháil sainnítear "príomhghnéithe cheart na Gaeilge mar "gramadach, comhréir, struchtú(i)r agus deilbhíocht".

Sna treoracha breise a tugtar do scrúdaitheoirí mínítear gur dhá ghné ar leith iad chomréir/struchtúir agus deilbhíocht / gramadach. Mínítear gurb í is ciall le comhréir ná dul na Gaeilge ar na habairtí, go mbaineann sí le hord na bhfocal ins an abairt, le cruinnúsáid réamhfhocal agus le cruinnúsáid na Copaile. Cuirtear ar a súile dóibh gur bunscil teanga í a bheith in ann bunstruchtúir na comhréire a láimhseáil go cruinn. Dearbhaítear go mbraitheann cumarsáid slán sa teanga ar an ngné seo, ach go háirithe. Iarrtar ar na scrúdaitheoirí córas nodaireachta a úsáid le mórbhotúin chomhréire a nótáil.

Mínítear go mbaineann gramadach / deilbhíocht (= accidence = inflexional morphology) le hathraithe ar fhoirmeacha focal d'fhonn aimsirí, uimhir tuisil agus uimhreacha (bun / ord / pearsanta) a chur in iúl. Cé go n-aithnítear gur scil thábhachtach teanga í seo chomh maith agus go bhféadfaí míchruinneas ar bhonn míchumais inti cur isteach ar an gcumarsáid mínítear nár cheart botúin inti a áireamh ar aon chéim tromchúise le mórbhotúin chomhréire. **Sainnítear "litriú" mar nós léiriú na deilbhíochta**.

**Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach / Scéim mharcála mhodhnaithe**

Tuigfear óna bhfuil ráite thuas cad a bheadh á shainniú le "litriú" agus le "gramadach" faoi scéim mharcála mhodhnaithe. **Tuigfear, freisin, nach mbeadh sé i gceist (mar nach mbeadh sé indéanta ná cóir, fiú, dá mba thasc indéanta é) "máistreacht cruinnúsáide" ar bhunchomhréir na teanga a tharscaoileadh i gcás iarrthóirí áirithe**. Is follasach nach bhféadfadh iarrthóirí a shonraítear mar "lucht éalainge" (ar ghá socraithe speisialta a dhéanamh ina gcás) tabhairt faoi Ghaeilge A.T.A.L. mura mbeadh máistreacht bainte amach acu ar bhunstruchtúir na Gaeilge. Ach is follasach, mar an gcéanna, ina gcás siúd, go bhféadfadh a n-éalanga, cibé saghas iad, bheith ina mbac orthu a dtuiscint ar dheilbhíocht (litriú / gramadach) na Gaeilge a chur in iúl i **scrúdú scríofa**.